Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 34

# Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 34, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear deontais d'údaráis áitiúla, deontais agus speansais eile maidir le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna, fóirdheontais agus deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €4.33 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi na Beartais agus na Prionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 8 ina gcuid den chuntas.

## Feidhmeanna a Aistriú

Ullmhaíodh an cuntas de réir na *Meastachán Athbhreithnithe Breise don tSeirbhís Phoiblí 2017*, agus glacadh san áireamh an t-athrú ar ainm na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil go dtí an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, le héifeacht ó 1 Lúnasa 2017 (IR 358/ 2017) chomh maith le haistriú na bhfeidhmeanna forbartha pobail ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil go dtí Roinn um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail (Vóta 42) le héifeacht ón 27 Iúil 2017 (I.R. Uimh. 357 de 2017).

I gcomhréir leis na socruithe cuntasaíochta atá leagtha amach ag an gCuntasaíocht Rialtais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, léirítear sna *Meastacháin Athbhreithnithe Breise do 2017* aistriú fheidhmeanna na Roinne bunaithe ar bhliain iomlán amháin. Léiríonn an cuntas leithreasa, atá le leagan amach de réir fhoirm agus fhormáid an mheastacháin chuí, aistriú na bhfeidhmeanna thuas bunaithe ar bhliain iomlán amháin. Dá réir sin, tá feidhmeanna forbartha pobail ar fad a aistríodh do 2017 cuimsithe i gcuntas leithreasa na Roinne um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail (Vóta 42).

Sa mheastachán athbhreithnithe breise do Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil soláthraítear €292.87 milliún breise chun teacht leis na ceanglais um maoiniú breise le haghaidh Fhotheideal B.6 – Uisce Éireann, a eascraíonn ón Acht um Sheirbhísí Uisce 2017. Cuirtear an maoiniú sin san áireamh san soláthar mheastacháin sa chuntas seo do 2017.

## Ráiteas faoi na Beartais agus na Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla***

Is ionann an tairseach thuairiscithe le haghaidh ceangaltais chaipitil atá infheidhme ón taobh dlíthiúil de arna leagan amach sna beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta agus €6.35 milliún. Mar sin féin, tuairiscíonn an Roinn ceangaltais chaipitil atá infheidhme ón taobh dlíthiúil de ar thairseach €10 milliún atá faoi chead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ngeall ar mhéid na gceangaltas a chuirfí san áireamh faoin tairseach chaighdeánach de €6.35 milliún.

***Sócmhainní Caipitil***

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Dímheastar sócmhainní eile de réir méid chothroim feadh a saoil fhónta mheasta, ag tosú sa mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís ar an mbonn seo a leanas:

- foirgneamh 5% in aghaidh na bliana
- mótarfheithiclí 20% in aghaidh na bliana
- gléasra agus innealra 10% in aghaidh na bliana
- trealamh radair 6.66% in aghaidh na bliana

Déantar na sócmhainní eile ar fad a dhímheas i gcomhréir leis na rátaí caighdeánacha atá leagtha amach in Ciorclár 25/2017.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht Maidir le Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifead mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a aithint go tráthúil. Próiseas leanúnach is ea córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Rialaithe Rialacháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht sannta i gcomhair bainistíocht airgeadais
- tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun beart ceartaitheach cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

***Rialú Riaracháin agus Tuairisciú ar Bhainistíocht***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta air
- tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte rialaithe cuí d'infheistíocht chaipitiúil agus smachta foirmiúla um bainistíocht tionscadail ann.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn ag a bhfuil pearsanra oilte, a oibrítear de réir cairt fhaofa i scríbhinn. Cuirtear bonn eolais faoin obair le hanailís ar na rioscaí airgeadais atá le sárú ag an Roinn agus tá a phleananna inmheánacha bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialaithe a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchúireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí i gcrích.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm trína sainaithnítear agus trína dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis sin agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm trína sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár na rialaithe agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht leis as oibriú rialaithe do bhaill foirne faoi leith.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Déantar an clár rioscaí a athbhreithniú ag cruinnithe Rannóga agus déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar na rioscaí ardleibhéil ar bhonn ráithiúil. Dearbhaím gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialaithe lena mbaineann agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar na príomhríoscaí sin agus easnaimh ar bith a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, cuirtear bonn eolais faoi le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Comhlíonadh Soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha soláthair a chinntiú. Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas cúig chonradh (sa bhreis ar €25,000), €425,388 ar an iomlán (gan CBL san áireamh), faoi mar atá leagtha amach thíos.

- Conradh amháin i dtaca le lónadóireacht lena raibh luach iomlán de €47,918 (gan CBL san áireamh) agus dhá chonradh glantacháin lena raibh luach iomlán de €202,302 (gan CBL san áireamh). Leanadh leis na conarthaí sin, a dámhadh roimhe gan próiseas iomaíoch, ar feitheamh le chur i gcrích phróiseas foirmeálta sholáthair.
- Rinneadh conradh slándála amháin lenar bhain luach €145,168 (gan CBL san áireamh) mar bheart éigeandála chun slándáil a sholáthar a bhain le tógáil cúlála agus oibreacha cothabhála/athchóirithe á ndéanamh ag Oifig na nOibreacha Poiblí ag Teach an Chustaim.

- Bhain conradh amháin dar luach €30,000 (gan CBL san áireamh) le hathnuachan ceadúnais bhogearraí ar feadh tréimhse dhá mhí toisc go rabhthas ag feitheamh ar uasghrádú bogearraí gaolmhara beartaithe a chur i gcrích.

Chuir an Roinn sonraí ar fáil maidir leis na conarthaí eisceachtúla sin mar chuid den bhfaisnéis maidir le aon chonradh déag dar luach €950,206 (gan CBL san áireamh) san iomlán atá cuimsithe sa tuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclár 40/2002 chuig Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Ráiteas Maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais***

Ardaíodh líon ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais i dtuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí le linn 2017. Áirítear an méid seo a leanas ar na ceisteanna a ardaíodh agus bearta ceartaitheacha a rinneadh:

*Éifeachtúlacht na cóiríochta*

I dtuarascáil an iniúchóireacht inmheánach in Aibreán 2017 ina ndearnadh scrúdú ar bhainistíocht an chaiteachais ar sheirbhísí cóiríochta, sainaithníodh líon laigí sna próisis soláthair, lena n-áirítear an gá a bhí le roinnt seirbhísí a chur amach ar chonradh arís ar mhodh tráthúil agus easnaimh i nósanna imeachta soláthair doiciméadaithe. Tá aghaidh á thabhairt ag an Roinn ar na ceisteanna sin trí chlár soláthair a fhorbairt ina gcuimsítear dátaí éagtha do chonarthaí agus trí lámhleabhar nósanna imeachta athbhreithnithe a chur i gcrích chun obair na foirne atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí soláthair a threorú. Bhí ceithre cinn de na cásanna um neamhchomhlíonadh a sainaithníodh in iniúchadh inmheánach níos mó ná €25,000 (gan CBL san áireamh) san iomlán in 2017 agus cuimsíodh iad sa tuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclár 40/2002 chuig Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

*Maoiniú le haghaidh easpa dídine*

Sonraíodh in iniúchadh inmheánach a rinneadh ar bhainistíocht ar an maoiniú le haghaidh Easpa Dídine i mí Eanáir 2017 go bhféadfaí líon réimsí a neartú tuilleadh i gcás go mbaineann rialú le maoirseacht ar an gcaiteachas lena chinntiú go mbeidh sé dlúthailínithe le ceanglais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus á aithint go n-eascraíonn soláthar seirbhísí easpa dídine, de réir a nádúir, cásanna de chineál éigeandála lena dteastaíonn freagairtí práinneacha corruair.

Ar bhonn mholadh na tuarascála maidir leis sin, rinne an Roinn a prótacail agus a socruithe tuairiscithe airgeadais a athbhreithniú agus a leasú lena chinntiú go soláthrófar deimhniú caiteachais níos diongbháilte dó i dtaca le caiteachas ar easpa dídine ag na húdaráis áitiúla agus go gcloítear go hiomlán leis na ceanglais rialaithe.

*Maoiniú i gcomhair cháilíocht an uisce*

In iniúchadh inmheánach ar bhainistíocht an mhaoinithe ag Rannóg Cháilíocht an Uisce i Lúnasa 2017 sonraíodh laigí sa rialú thar líon beag íocaíochtaí le deontaithe lena n-áirítear, mar shampla, íocaíochtaí a bhí á bhfaomhadh gan deimhniú cuí ón oifigeach ábhartha sa chomhlacht deontaithe. Moladh san iniúchadh go dtabharfaí próisis íocaíochta na Rannóga ar aon dul le treoirlínte ginearálta na Roinne maidir le híocaíochtaí a phróiseáil. Gheall an Roinn go ndéanfadh sí athbhreithniú ar na ceisteanna a ardaíodh agus nósanna imeachta athbhreithnithe a thabhairt isteach san Rannóg de réir mar is cuí.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Chomhroinnte (Vóta 18) seirbhísí párolla agus acmhainní daonna don Roinn ar bhonn comhroinnte.

Chomhlíon mé mo fhreagrachtaí maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Roinn agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Chomhroinnte maidir le soláthar comhsheirbhísí párolla agus acmhainní daonna.

Braithim ar litir um dhearbhú ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Chomhroinnte (Vóta 18) go bhfuil na rialaithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar na seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

**John McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

28 Márta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

***Ag tuairisciú faoi nithe a eascraíonn ón iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 4 agus 10 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2017 do nithe áirithe eile a bhaineann le Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2018

# Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil

## Cuntas Leithreasa 2017

| | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas ar an gClár** | | | | | |
| A | Tithíocht | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 1,221,231 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | 100,000 | 1,321,231 | 1,323,164 | 847,483 |
| B | Seirbhísí uisce | | 341,066 | 326,037 | 33,970 |
| C | Rialtas áitiúil | | 386,683 | 387,689 | 418,030 |
| D | Pleanáil | | 26,466 | 32,266 | 20,750 |
| E | Met Éireann | | 19,398 | 18,002 | 16,409 |
| — | *Pobal* | | — | — | 62,384 |
| | **Caiteachas comhlán** | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 1,994,844 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | 100,000 | | | |
| | | | **2,094,844** | **2,087,158** | **1,399,026** |
| | *Lúide* | | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **67,489** | **64,129** | **19,863** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 1,927,355 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | 100,000 | | | |
| | | | **2,027,355** | **2,023,029** | **1,379,163** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid arna chur ar fáil thar an méid arna chur i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán aon leithreasaí neamhchaite, nó cuid díobh, le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **4,325,944** | **10,277,444** |

**John McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

28 Márta 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 2,037,452 | 1,349,701 |
| Pá | | 40,338 | 39,721 |
| Neamhphá | | 9,368 | 9,604 |
| **Caiteachas comhlán** | | **2,087,158** | **1,399,026** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **64,129** | **19,863** |
| **Glanchaiteachas** | | **2,023,029** | **1,379,163** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (1,304) | | |
| Dímheas | 970 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 2 | | |
| | | (332) | 716 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (43,943) | | |
| Laghdú ar an stoc | 17 | | |
| | | (43,926) | (1,209) |
| **Caiteachas díreach** | | **1,978,771** | **1,378,670** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 23,496 | 20,497 |
| Cíosanna barúlacha | | 3,015 | 2,655 |
| **Glanchostais an chláir** | | **2,005,282** | **1,401,822** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 34 a iompraíodh in áiteanna eile.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 423 | 24 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | | 21,606 | 19,256 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | | 1,260 | 934 |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | | 81 | 72 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | | 126 | 211 |
| | | **23,496** | **20,497** |

Léirítear le “m” gur luach measta nó costas cionroinnte atá san fhigiúr.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **3,732** | **3,391** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 21,575 | 33,347 |
| Stoic | 2.4 | 156 | 173 |
| Ciste éadálacha rollach na gníomhaireacht tithíochta. | 8 | 71,795 | — |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,303 | 3,429 |
| Ioncam fabhraithe | | 3,634 | 6,163 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 648 | 598 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **99,111** | **43,710** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 21,925 | 7,291 |
| Ioncam iarchurtha | | 8,926 | 347 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 20,834 | 23,748 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 1,389 | 10,197 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **53,074** | **41,583** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 46,037 | 2,127 |
| **Glansócmhainní** | | **49,769** | **5,518** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú Stáit** | 2.1 | **49,769** | **5,518** |

### 2.1 Cuntas um maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 5,518 | 5,044 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 2,027,355 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (4,326) | | |
| Glanvóta | | | 2,023,029 | 1,379,164 |
| Caiteachas (airgead tirim) a íocadh in áiteanna eile | 1.1 | | 23,496 | 20,497 |
| Caiteachas neamhairgid – cíos ainmniúil | 1 | | 3,015 | 2,655 |
| Coigeartú sócmhainní seasta | 2.2 | | — | 28 |
| Sócmhainn aistrithe chuig Ranna eile | 2.2 | | (7) | (48) |
| Glanchostais an chláir | 1 | | (2,005,282) | (1,401,822) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **49,769** | **5,518** |

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Gléasra, innealra agus mótarfheithiclí | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ollsócmhainní** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 662 | 361 | 24,480 | 3,345 | 77 | 28,925 |
| Breiseanna | 6 | 1 | 386 | 26 | 901 | 1,320 |
| Sócmhainní atá á gcaipitliú | — | — | 191 | — | (191) | — |
| Diúscairtí[1] | — | (23) | (1,504) | (733) | — | (2,260) |
| Aistrithe chuig ranna eile[2] | — | (41) | — | (7) | — | (48) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 668 | 298 | 23,553 | 2,631 | 787 | 27,937 |
| | | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 36 | 230 | 22,198 | 3,070 | — | 25,534 |
| Dímheas don bhliain | 13 | 35 | 844 | 78 | — | 970 |
| Dímheas ar dhiúscairtí[1] | — | (23) | (1,504) | (731) | — | (2,258) |
| Dímheas ar aistrithe[2] | — | (36) | — | (5) | — | (41) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | 49 | 206 | 21,538 | 2,412 | — | 24,205 |
| | | | | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017[3]** | **619** | **92** | **2,015** | **219** | **787** | **3,732** |
| | | | | | | |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 626 | 131 | 2,282 | 275 | 77 | 3,391 |

1 Diúscairtí sa ghnáthchúrsa gnó, diúscairtí a eascraíonn as cur i gcrích fardal mórshócmhainní in oifigí na Roinne i dTeach an Chustaim, Baile Átha Cliath agus i mBéal an Átha agus diúscairtí ar bhonn fardail sócmhainní rollacha arna ndéanamh mar chuid den bhainistíocht leanúnach ar shócmhainní na Roinne.

2 Aistríodh sócmhainní mar thoradh ar aistriú feidhmeanna chuig an Roinn um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail. Aistríodh sócmhainn ghineadóra chuig Oifig na nOibreacha Poiblí chomh maith.

3 Úsáidtear cuid de na sócmhainní atá ar chlár sócmhainní na Roinne seo chun seirbhísí TFC a chur ar fáil do Rannán Oidhreachta na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Cuireadh sceideal de na sócmhainní sin isteach chuig an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta lena fhaomhadh, mar chuid den phróiseas aistrithe sócmhainní atá beartaithe.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 20,541 | 33,167 |
| Iarmhéid agus airgead tirim sa chuntas bainc tráchtála | 1,034 | 180 |
| | **21,575** | **33,347** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ábhair inchaite mheitéareolaíochta | 72 | 75 |
| Ábhar inchaite TF | 29 | 43 |
| Stáiseanóireacht | 47 | 46 |
| Ábhair ghlantacháin | 2 | 1 |
| Eile | 6 | 8 |
| | **156** | **173** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais tuarastail in-fhorchúitithe | 118 | 270 |
| Scéim pasanna taistil in-fhorchúitithe | 149 | 146 |
| Costais taistil in-fhorchúitithe | 7 | 17 |
| Óinchistí | 6 | 4 |
| Míreanna dochair fionraí eile | 368 | 161 |
| | **648** | **598** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 703 | 969 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 114 | 172 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 296 | 379 |
| Géilleadh deonach pá | 10 | — |
| Cáin Bhreisluacha | 207 | 142 |
| Cáin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla | 24 | 99 |
| | 1,354 | 1,761 |
| Asbhaintí den phárolla arna gcoinneáil ar fionraí | 217 | 291 |
| An Ciste Forbraíochta Uirbí[1] | 18,525 | 21,156 |
| Míreanna sochair fionraí eile | 738 | 540 |
| | **20,834** | **23,748** |

[1]Féach Nóta 7

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 4,326 | 10,277 |
| Deontas státchiste neamhtharraingthe | (2,937) | (80) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **1,389** | **10,197** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 21,575 | 33,347 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 648 | 598 |
| | 22,223 | 33,945 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,354) | (1,761) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (19,480) | (21,987) |
| | (20,834) | (23,748) |
| | **1,389** | **10,197** |

## 2.8 Dliteanais aibithe

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán na ndliteanas aibí nár urscaoileadh ag 31 Nollaig | 53 | 35 |

## 2.9 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **(a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 332 | — |
| Cláir deontas | 540,458 | 335,069 |
| Clár deontas caipitil | 882,433 | 292,700 |
| | **1,423,223** | **627,769** |

**b) Mórcheangaltais Chaipitil**

(Tionscadail a chosnaíonn €10,000,000 nó níos mó)

| | **Caiteachas carntha go dtí 31 Nollaig 2016[1]** | **Caiteachas i 2017[1]** | **Ceangaltais tionscadal i mbliana ina dhiaidh sin[1]** | **Saolré iomlán measta caiteachais ar thionscadal 2017** | **Saolré iomlán measta caiteachais ar thionscadal 2016** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadail tithíochta** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| ***Tógáil*** | | | | | |
| Athchóiriú ar Halla na Prióireachta, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13: | | | | | |
| - *Údarás Áitiúil* | 9,765 | 523 | — | 10,288 | 9,765 |
| - *Roinn* | 10,602 | 2,887 | 24,424 | 37,913 | 10,602 |
| | 20.367 | 3.410 | 24,424 | 48,201 | 20,367 |
| Bóthar na Tulaí, Ceatharlach | — | — | 11,995 | 11,995 | — |
| Bóthar na hEaglaise, Co. Chorcaí | — | 5,807 | 6,183 | 11,990 | — |
| Cúirt Chnocán na Rós, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin: | | | | | |
| - *Údarás Áitiúil* | 217 | 1,411 | — | 1,628 | 217 |
| - *Roinn* | — | 3,918 | 6,377 | 10,295 | 11,706 |
| | 217 | 5,329 | 6,377 | 11,923 | 11,923 |
| Páirc Mhic Gearailt, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin: | | | | | |
| - *Údarás Áitiúil* | — | 1,300 | — | 1,300 | — |
| - *Roinn* | 791 | 1,014 | 6,978 | 8,783 | 10,083 |
| | 791 | 2,314 | 6,978 | 10,083 | 10,083 |
| Gort na Silíní, Baile Formaid/Bruach na Coille/Ráth Bhile | — | 315 | 14,940 | 15,255 | — |
| Coimín an Ráschúrsa, Lusca (Céim 2.1): | | | | | |
| - *Údarás Áitiúil* | — | 253 | — | 253 | — |
| - *Roinn* | — | 4,650 | 6,705 | 11,355 | — |
| | — | 4,903 | 6,705 | 11,608 | — |
| San Aodháin, Brookfield, Tamhlacht: | | | | | |
| - *Údarás Áitiúil* | — | 71 | — | 71 | — |
| - *Roinn* | — | 3,900 | 17,324 | 21,224 | — |
| | — | 3,971 | 17,324 | 21,295 | — |
| Baile Baodáin, Ráth Fearnáin: | | | | | |
| - *Údarás Áitiúil* | — | 69 | — | 69 | — |
| - *Roinn* | — | 134 | 12,628 | 12,762 | — |
| | — | 203 | 12,628 | 12,831 | — |
| **Iomlán** | **21,375** | **26,252** | **107,554** | **155,181** | **42,373** |

| | Caiteachas carntha go dtí 31 Nollaig 2016[1] | Caiteachas i 2017[1] | Ceangaltais tionscadal i mbliana ina dhiaidh sin[1] | Saolré iomlán measta caiteachais ar thionscadal 2017 | Saolré iomlán measta caiteachais ar thionscadal 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***Athghiniúint*** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Dolphin House, Baile Átha Cliath 8: | | | | | |
| - *Údarás Áitiúil* | 996 | 494 | — | 1,490 | 996 |
| - *Roinn* | 154 | 11,763 | 13,590 | 25,507 | 24,442 |
| | 1,150 | 12,257 | 13,590 | 26,997 | 25,438 |
| Athghiniúint Chorcaí Céim 2, Cnoc an Aoine / Cnoc an Chuilinn, Cathair Chorcaí | — | 148 | 12,240 | 12,388 | — |
| Sráid an Tiarna Éadbhard, Luimneach | 9,881 | 7,019 | 2,572 | 19,472 | 19,472 |
| Lárionad Limistéar Southill, Luimneach | 2,043 | 8,491 | 468 | 11,002 | 10,772 |
| **Iomlán** | **13,074** | **27,915** | **28,870** | **69,859** | **55,682** |
| ***Bonneagar*** | | | | | |
| Na Dugaí Theas, Co. Chorcaí | — | 241 | 11,384 | 11,625 | — |
| Droichead na Dothra, Cathair Bhaile Átha Cliath | — | 117 | 11,696 | 11,813 | — |
| Coill na Silíní, Dún Laoghaire Ráth an Dúin | — | 9 | 11,383 | 11,392 | — |
| Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat, Fine Gall | — | 512 | 11,113 | 11,625 | — |
| Maigh Nuad, Co. Chill Dara | — | — | 10,875 | 10,875 | — |
| Baile Adáim | — | — | 15,000 | 15,000 | — |
| **Iomlán** | **—** | **879** | **71,451** | **72,330** | **—** |

[1] Tá cuid de na tionscadail thuas maoinithe i gcomhar ag an Roinn agus ag cistí dílse na n-údarás áitiúil ó choinneálacha Cánach Maoine Áitiúla (coinnítear 80% d'fháltais CMÁ i gceantar údaráis áitiúil go háitiúil). Tá potéinseal ann do cheangaltais na Roinne a laghdú sna blianta atá le teacht má bhíonn na húdaráis áitiúil ábalta a chuid cistí féin a úsáid ó choinneáil Chánach Maoine Áitiúla.

**Difríochtaí suntasacha**

*Athchóiriú ar Halla na Prióireachta*

Tháinig méadú €27.8 milliún ar iomlán an chaiteachais ionchais i ndáil leis an athchóiriú ar Halla na Prióireachta. Bhain figiúr ceangaltais 2016 le hathchóiriú chéim 1 ar Bhloic 1 go 8 de chlár athchóirithe 20 bloc. Chuathas isteach sa chonradh don chuid eile de na bloic in 2017, ag fágáil gur ionann an ceangaltas foriomlán ar an scéim agus €48.2 milliún.

*Dolphin House*

Bhí méadú €1.55 milliún ar chostas iomlán an tionscadail do Dolphin House. Bhí an caiteachas ar Athghiniúint Dolphin House in 2016 (€1.15 milliún) ar leith ón bpríomhchonradh maidir le soláthar 100 aonad ag an suíomh (€25.44 milliún) agus tá sé á chur anois leis an gceangaltas foriomlán ar an tionscadal.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

## Anailís ar an caiteachas riaracháin

Léiríonn an nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus léirítear na cúiseanna as na difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000). Rinneadh caiteachas riaracháin a chionroinnt ar fud na gclár, chun na costais iomlána cláir a léiriú.

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 43,524 | 40,338 | 39,721 |
| ii | Taisteal agus cothú | 952 | 1,180 | 837 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,373 | 1,717 | 783 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,153 | 790 | 430 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 8,645 | 4,916 | 7,273 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,062 | 763 | 281 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta, athbhreithnithe ar luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 49 | 2 | — |
| | | **56,758** | **49,706** | **49,325** |

**Difríochtaí suntasacha**

*iii* *Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha*

Soláthar sna meastacháin: €1.373 milliún, toradh: €1.717 milliún

Bhí an €0.344 milliún breise ar an gcaiteachas ar oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha mar gheall ar mhéadú ar na costais ar oiliúint idirnáisiúnta méadreolaíochta agus costais dhlíthiúla nach rabhthas ag súil leo.

*iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar sna meastacháin: €1.153 milliún, toradh: €0.790 milliún

Tharla an coigilteas €0.363 milliún ar an gcaiteachas ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide toisc go bhfuil na seirbhísí faoi thionchar éileamh agus d'fhéadfadh siad a bheith deacair a mheas.

*v* *Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF*

Soláthar sna meastacháin: €8.645 milliún, toradh: €4.916 milliún

Bhí an coigilteas €3.729 milliún ar an gcaiteachas ar threalamh oifige agus ar sheirbhísí seachtracha TF mar gheall ar líon tionscadal, go príomha an Tionscadal um Nuachóiriú agus Uathoibriú na hEitlíochta (AMAP) atá á chur chun feidhme ag Met Éireann, nach raibh ag dul chun cinn chomh gasta agus mar a rabhthas ag súil leo.

*vi* *Costais áitreabh oifige*

Soláthar sna meastacháin: €1.062 milliún, toradh: €0.763 milliún

Bhí an coigilteas €0.299 milliún ar an gcaiteachas ar chostais áitreabh oifige mar gheall ar mhoill ar roinnt oibreacha athchóirithe oifige agus coigiltis éifeachtúlachta ar chostais téimh agus soilse.

## Clár A Tithíocht

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | 12,682 | 10,919 | | 10,090 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 2,448 | 2,004 | | 1,217 |
| A.3 | Tithíocht údaráis áitiúil | | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 644,985 | | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | 92,000 | 736,985 | 776,032 | | 449,037 |
| A.4 | Tithíocht dheonach agus comharthithíocht | | 181,250 | 151,152 | | 100,657 |
| A.5 | Tacaíochtaí cuimsithe tithíochta | | 112,096 | 118,305 | | 96,374 |
| A.6 | Athbheochan eastát - feabhsuithe tithíochta sóisialta | | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 77,787 | | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | 8,000 | 85,787 | 111,094 | | 112,522 |
| A.7 | Deontais tithíochta príobháidí | | 34,162 | 44,537 | | 32,299 |
| A.8 | Fóirdheontais agus liúntais | | 4,930 | 3,406 | | 2,424 |
| A.9 | Ciste Bonneagair | | 50,000 | 1,604 | | — |
| A.10 | Seirbhísí eile | | 100,891 | 104,111 | | 42,863 |
| | | | **1,321,231** | **1,323,164** | | **847,483** |

**Difríochtaí suntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €1.93 milliún ní b'ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith. Bhí tearc-chaitheamh €2.21 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €4.14 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha:

*A.3 Tithíocht údaráis áitiúil*

Soláthar sna meastacháin: €736.985 milliún, toradh: €776.032 milliún

Cuimsítear sa soláthar sna meastacháin meastachán forlíontach de €92 milliún, a bhí riachtanach i ngeall ar fhorbairt shuntasach an mhóimintim ar chlár caipitil tithíochta na n-údarás áitiúil. Bhí an méadú €131.047 milliún (€39.047 milliún agus €92 milliún) ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin de €644,985 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

Mar chuid den straitéis ´Ag Atógáil Éireann´ bhí caiteachas breise €132.5 milliún ag údaráis áitiúla, go príomha ar éadálacha úra faoin gClár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta. Leis an gcaiteachas ón bhfotheideal seachadadh os cionn 2,400 teach i 2017 i gcomparáid le sprioc 1,509 don bhliain.

Tabhaíodh caiteachas breise €8.5 milliún faoi Scéim um Chóiríocht ar Chíos (RAS) toisc go raibh líon ní b'airde aistrithe ón bhForlíonadh Cíosa chuig an Scéim um Chóiríocht ar Chíos ag deireadh 2016, rud a chiallaigh éilimh mhéadaithe i dtús 2017 chomh maith le méaduithe ar chíosanna margaidh le linn na bliana.

Tháinig coigilteas €10 milliún chun cinn mar gheall nach ndeachaigh an Scéim phíolótach um Chíos Réasúnta chun cinn i bhfianaise na Straitéise nua um Chíos (Nollaig 2016), faoina gcaithfear tailte faoi úinéireacht an Stáit a úsáid chun aonaid tithíochta a chur ar fáil mar chíosanna inacmhainne, gan gá le fóirdheontas leanúnach.

*A.4 Tithíocht dheonach agus comharthithíocht*

Soláthar sna meastacháin: €181.250 milliún, toradh: €151.152 milliún

Bhí an coigilteas €30.098 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall go príomha ar líon suntasach tionscadal ceadaithe nach ndeachaigh chun cinn chomh gasta agus mar a rabhthas ag súil leis i ngeall go príomha ar shrianta acmhainne agus saincheisteanna a bhain le pleanáil, éadáil talún agus soláthar. Bhí os cionn 50 tionscadal, a bhain le 480 aonad tithíochta, ar a cuireadh moill ar feadh os cionn sé mhí ar an Scéim Cúnaimh Caipitil. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

*A.5 Tacaíochtaí cuimsithe tithíochta*

Soláthar sna meastacháin: €112.096 milliún, toradh: €118.305 milliún

Bhí an méadú €6.209 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar an méid seo a leanas:

Tháinig caiteachas breise de €11.4 milliún chun cinn mar gheall ar éilimh mhéadaithe ar seirbhísí easpa dídine amhail soláthar cóiríochta éigeandála. Mar shampla, do mhí na Nollag 2017 bhí 8,587 duine ar an iomlán áitithe sna socruithe cóiríochta éigeandála éagsúla arna maoiniú ag na húdaráis tithíochta; b'ionann an figiúr coibhéiseach a taifeadadh i mí na Nollag 2016 agus 7,148. Tháinig 4,729 duine san iomlán amach as cóiríocht éigeandála easpa dídine i 2017.

Tháinig coigilteas €4.2 milliún chun cinn ar chóiríocht taistealaithe toisc nach ndeachaigh roinnt tionscadal caipitil chun cinn faoi mar a rabhthas ag súil leo.

*A.6 Athbheochan eastát - feabhsuithe tithíochta sóisialta*

Soláthar sna meastacháin: €85.787 milliún, toradh: €111.094 milliún

Cuimsítear sa soláthar sna meastacháin meastachán forlíontach de €8 milliún. Bhí an méadú €33.307 milliún (€25.307 milliún agus €8 milliún) ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar ardú ar an ngníomhaíocht cláir, go háirithe ar thionscail úra tógála amhail Dolphin House, Baile Átha Cliath agus Sráid an Tiarna Éadbhard agus Lárionad Limistéar Southill, Luimneach.

*A.7 Deontais tithíochta príobháidí*

Soláthar sna meastacháin: €34.162 milliún, toradh: €44.537 milliún

Bhí an méadú €10.375 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar an scéim deontas tithíochta faoi thionchar éileamh agus go raibh sé deacair leibhéal beacht tharraingt anuas an mhaoinithe a thuar. Bhí na deontais aonair ó €254 go €24,000 agus íocadh os cionn 9,000 i 2017.

*A.8 Fóirdheontais agus liúntais*

Soláthar sna meastacháin: €4.930 milliún, toradh: €3.406 milliún

Bhí an coigilteas €1.524 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar líon iarratas ó thithe ceadaithe faoi na scéimeanna Tithíochta Inacmhainne agus Úinéireachta Comhroinnte.

*A.9 Ciste Bonneagair*

Soláthar sna meastacháin: €50.000 milliún, toradh: €1.604 milliún

Baineann an meastachán leis an gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF), atá le bonneagar poiblí as an láithreán a sholáthar chun blocáil ar bhonneagar criticiúil a mhaolú agus dlús a chur faoi sheachadadh na tithíochta i bpríomhlimistéir agus i láithreáin forbartha. Bhí an coigilteas €48.396 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar chaiteachas nár réadaíodh chomh gasta agus rabhthas ag súil leis. Lainseáladh an scéim i Lúnasa 2016 trí ghlaonna ar thograí a eisiúint chuig údaráis áitiúla agus i Márta 2017 tugadh réamhchead i gcomhair 34 tionscadal. Tugadh cead deiridh i gcomhair 30 tionscadal lena raibh ceangaltais an státchiste de €147 milliún i ndeireadh 2017/tús 2018. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

## Clár B Seirbhísí uisce

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán - pá | 6,329 | 4,958 | 4,736 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 1,223 | 1,097 | 962 |
| B.3 | Clár cáilíochta uisce | 14,810 | 11,823 | 11,563 |
| B.4 | Clár uisce tuaithe | 17,800 | 15,351 | 15,305 |
| B.5 | Imeall trá | 6,000 | 715 | 723 |
| B.6 | Uisce Éireann | 292,870 | 291,535 | 673 |
| B.7 | Deontas feabhsúcháin - straitéis náisiúnta um luaidhe | 2,000 | 132 | 8 |
| B.8 | Seirbhísí eile | 34 | 426 | — |
| | | **341,066** | **326,037** | **33,970** |

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, b'ionann an caiteachas maidir le Clár B agus €15.03 milliún níos b'ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith. Bhain €1.5 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €13.53 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha:

*B.3 Clár cáilíochta uisce*

Soláthar sna meastacháin: €14.810 milliún, toradh: €11.823 milliún

Bhí an coigilteas €2.987 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar an méid seo a leanas: Tháinig coigilteas €1.67 milliún chun cinn mar gheall ar bhunú na struchtúr údaráis áitiúil réigiúnaithe úra maidir le Plean Bainistíochta Abhantrach 2018-2021 a chur chun feidhme. B'éigean cás gnó mionsonraithe a ullmhú do na struchtúir úra réigiúnaithe agus é a chur faoi bhráid Ghrúpa Maoirseachta Athchóirithe na hEarnála Poiblí (PSROG) lena bhreithniú ansin. A luaithe is a fuarthas an cead seo don chás gnó ó PSROG, tionóladh próiseas roghnúcháin chun an ceann-údarás áitiúil a chinneadh chun bainistíocht a dhéanamh ar na struchtúir réigiúnaithe (a dámhadh ar deireadh le húdaráis áitiúla Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann).

Tháinig coigilteas breise eile de €1.2 milliún chun cinn ar chlár INTERREG V an AE (Bearta Comhshaoil) toisc nár tionóladh an próiseas roghnúcháin tionscadal go dtí 2017 agus dá bhrí sin ní rabhthas ábalta maoiniú a tharraingt anuas le linn na bliana i leith a lán de na tionscadail.

*B.4 Clár uisce tuaithe*

Soláthar sna meastacháin: €17.800 milliún, toradh: €15.351 milliún

Bhí an coigilteas €2.449 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall nach raibh an t-aistriú ó mhaoiniú bliantúil Uisce Tuaithe chuig Clár Ilbhliantúil 2016-2018, lena raibh gá le hathruithe suntasacha a dhéanamh ar bheartú tosaíochta agus córais mheastóireachta, ag dul chun cinn chomh gasta agus a rabhthas ag súil leis.

*B.5 Imeall trá*

Soláthar sna meastacháin: €6 milliún, toradh: €0.715 milliún

Bhí an coigilteas €5.285 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall nach ndeachaigh tionscnaimh chun chur chun feidhme na Treorach Réimse um Straitéis Mhuirí a chur chun cinn mar a bhí beartaithe agus bhí costais na luachála agus teagmhais riachtanacha níos lú ná mar a bhí tuartha.

*B.6 Uisce Éireann*

Soláthar sna meastacháin: €292.870 milliún, toradh: €291.535 milliún

Soláthraíodh leis an Meastachán Athbhreithnithe Breise arna fhaomhadh ag an Dáil i mí na Samhna 2017 maoiniú de €292.870 milliún d'Uisce Éireann a d'eascair as an Acht um Sheirbhísí Uisce 2017 chun an ganntanais ioncaim de dheasca deireadh a chur leis na muirir uisce tí (€114 milliún) agus an costas a bhain le muirir uisce tí a thabhairt ar ais (€178.870 milliún) a chur san áireamh.

*B.7 Deontas feabhsúcháin - straitéis náisiúnta um luaidhe*

Soláthar sna meastacháin: €2 milliún, toradh: €0.132 milliún

Bhí an t-easnamh de €1.868 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall gur scéim faoi thionchar éileamh ba ea an Scéim Deontas um Leasúchán Luaidhe Baile a bhí deacair a thuar.

*B.8 Seirbhísí eile*

Soláthar sna meastacháin: €0.034 milliún, toradh: €0.426 milliún

Bhí an méadú €0.392 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar chaiteachas breise maidir le costais dhlíthiúla a d’eascair as ordú cúirte i ndiaidh dúshlán dlíthiúil i leith uasghrádú saoráidí séarachais i gCuan Loch Garman.

## Clár C Rialtas Áitiúil

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| C.1 | Riarachán - pá | 8,842 | 8,572 | 7,412 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 1,754 | 1,605 | 1,954 |
| C.3 | An Ciste Rialtais Áitiúil | 365,300 | 365,300 | 396,555 |
| C.4 | Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | 9,042 | 11,828 | 9,502 |
| C.5 | Toghchóras | 1,465 | 81 | 170 |
| C.6 | Seirbhísí eile | 280 | 303 | 2,437 |
| | | **386,683** | **387,689** | **418,030** |

**Difríochtaí suntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €1.01 milliún ní b'ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith. Bhí tearc-chaitheamh €0.42 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €1.43 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha:

*C.4 Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála*

Soláthar sna meastacháin: €9.042 milliún, toradh: €11.828 milliún

Bhí an méadú €2.786 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall go ndeachaigh líon stáisiún dóiteáin agus ionad oiliúna úr chun cinn níos gaiste ná mar a rabhthas ag súil leis.

*C.5 Toghchóras*

Soláthar sna meastacháin: €1.465 milliún, toradh: €0.081 milliún

Baineann feidhm toghchórais na Roinne le beartas agus reachtaíocht maidir le gnéithe riaracháin an chórais toghcháin. Tháinig coigilteas €1.384 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin chun cinn go príomha mar gheall go raibh foráil sa mheastachán i leith costais dhlíthiúla a d'eascair as Ordú Cúirte i ndiaidh dúshlán dlíthiúil i leith Reifreann na Leanaí 2012 nár tugadh i gcrích.

## Clár D Pleanáil

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán - pá | 3,673 | 2,207 | 1,729 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | 709 | 538 | 210 |
| D.3 | An Bord Pleanála | 16,100 | 16,960 | 14,333 |
| D.4 | Binse Pleanála | 3,745 | 11,443 | 3,755 |
| D.5 | Oifig an Rialálaí Pleanála | 450 | — | — |
| D.6 | Beartas um pleanáil | 505 | 334 | 376 |
| D.7 | Réamhphleanáil | 602 | 544 | 318 |
| D.8 | Mo Phlean | 200 | 142 | — |
| D.9 | Athghiniúint/athnuachan uirbeach | 1 | — | — |
| D.10 | Scéim lacáiste ranníocaíochtaí forbartha | 371 | — | — |
| D.11 | Seirbhísí eile | 110 | 98 | 29 |
| | | **26,466** | **32,266** | **20,750** |

**Difríochtaí suntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár D €5.80 milliún ní b'ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith. Bhí tearc-chaitheamh €1.64 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €7.44 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha:

*D.3 An Bord Pleanála*

Soláthar sna meastacháin: €16.10 milliún, toradh: €16.96 milliún

Bhí an méadú €0.86 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar chostais dhlíthiúla de €0.58 milliún a a d'eascair as líon cásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh san Ard-Chúirt. Tháinig caiteachas breise eile de €0.28 milliún chun cinn toisc go ndeachaigh tionscadal seirbhíse pleanála úr ar líne chun cinn níos gaiste ná mar a rabhthas ag súil leis.

*D.4 Binse Pleanála*

Soláthar sna meastacháin: €3.745 milliún, toradh: €11.443 milliún

Bhí an méadú €7.698 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar mhaoiniú dlíthiúil a theastaigh chun costais dhlíthiúla tríú páirtí a d'eascair as obair an Bhinse Pleanála a íoc. Féach Nóta 6.2 – Coistí agus Coimisiúin le haghaidh tuilleadh eolais.

*D.5 Oifig an Rialálaí Pleanála*

Soláthar sna meastacháin: €0.450 milliún, toradh: Nil

Bhí an coigilteas €0.450 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall nár achtaíodh an Bille um Pleanáil agus Forbairt (Arna Leasú) 2016 chun Oifig an Rialálaí Pleanála a bhunú le linn na bliana.

*D.6 Beartas um pleanáil*

Soláthar sna meastacháin: €0.505 milliún, toradh: €0.334 milliún

Bhí an coigilteas €0.171 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall go príomha nár theastaigh an caiteachas a bhí tuartha chun Measúnacht Timpeallachta Straitéiseach a dhéanamh ar na Treoirlínte maidir le Forbairt Fuinnimh Ghaoithe in 2017. Déanfar é sin in 2018 anois.

*D.10 Scéim Lacáiste Ranníocaíochtaí Forbartha*

Soláthar sna meastacháin: €0.371 milliún; toradh: Nil

Baineann an scéim lacáiste le limistéir údaráis áitiúil Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí maidir le forbairtí tithíochta a chomhlíonann critéir incháilitheachta áirithe. Tá sé mar aidhm leis aonaid tithíochta a sholáthar ar phraghsanna réasúnta. D'fhéadfadh achair thosaigh fhada bheith i gceist sa phróiseas forbartha agus ní bhfuarthas iarratais ar bith ar lacáistí maidir le 2017.

## Clár E Met Éireann

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán - pá | 11,998 | 13,682 | 11,616 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | 7,100 | 4,123 | 4,793 |
| E.3 | Síntiúis le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta Méadreolaíochta | 300 | 197 | — |
| | | **19,398** | **18,002** | **16,409** |

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, b'ionann an caiteachas maidir le Clár E agus €1.4 milliún níos b'ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith. Bhain €1.3 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €0.1 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha:

*E.3* Síntiúis *le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta Méadreolaíochta*

Soláthar sna meastacháin: €0.3 milliún, toradh: €0.197 milliún

Bhí an coigilteas €0.103 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall nach raibh teáthúlacht na síntiús le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta Méadreolaíochta mar a rabhthas ag súil leis.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Táillí iníoctha ag údaráis áitiúla, srl., chun a gcuid cuntas a iniúchadh | 1,830 | 2,379 | 1,421 |
| 2 | Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh i ndáil le háitribh áitithe maidir le hÁrachas Sóisialta (An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005) | 741 | 741 | 741 |
| 3 | Fáltais Met Éireann | 10,800 | 11,293 | 10,828 |
| 4 | Fáltais Ilghnéitheacha | 200 | 46 | 380 |
| 5 | Fáltais imeall trá | 2,100 | 2,233 | 1,834 |
| 6 | Fáltais ó asbhaint a bhain le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 51,818 | 47,437 | 3,172 |
| — | *An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas* | — | — | *503* |
| — | *Cuntais díomhaoine – caiteachas cláir* | — | — | *803* |
| — | *SICAP —Clár um chuimsiú sóisialta agus um ghníomhaíochtú pobail* | — | — | *181* |
| | | **67,489** | **64,129** | **19,863** |

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, b'ionann na Leithreasaí-i-gCabhair agus €3.36 milliún níos lú ná an méid a bhí measta. Tá míniúcháin ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

1 *Táillí iníoctha ag údaráis áitiúla, srl., chun a gcuid cuntas a iniúchadh*

Soláthar sna meastacháin: €1.830 milliún, toradh: €2.379 milliún

Bhí an méadú €0.549 milliún mar gheall go n-eisítear éilimh ar tháillí iniúchóireachta ar bhonn leanúnach de réir mar a chuirtear iniúchtaí i gcrích. Bhí an t-ioncam ní b'airde ná mar a rabhthas ag súil leis mar gheall gur íocadh táillí iniúchóireachta ó 2016 a bhí fós le híoc in 2017.

3 *Fáltais Met Éireann*

Soláthar sna meastacháin: €10.800 milliún, toradh: €11.293 milliún

Bhí an méadú €0.493 milliún mar gheall go bhfuarthas maoiniú AE níos luaithe ná mar a rabhthas ag súil leis maidir le tionscadal faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF) le haghaidh clár Iompair — comhthionscadal idir Údarás Eitlíochta na hÉireann agus Met Éireann maidir leis an malartú sonraí meitéareolaíochta le haghaidh soláthar Seirbhísí Aerthráchta ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, na Sionainne agus Chorcaí a uasghrádú, a nuachóiriú agus a uathoibriú.

4 *Fáltais Ilghnéitheacha*

Soláthar sna meastacháin: €0.200 milliún, toradh: €0.046 milliún

Tharla an t-easnamh €0.154 milliún mar go bhfuil sé deacair fáltais ilghnéitheacha a mheas agus bhí siad ní b'ísle ná mar a rabhthas ag súil leis.

5 *Fáltais imeall trá*

Soláthar sna meastacháin: €2.100 milliún, toradh: €2.233 milliún

Bhí an méadú €0.133 milliún mar go bhfuil sé deacair fáltais imeall trá a thuar go hiontaofa.

6 *Fáltais ó laghdú a bhaineann le pinsin ar luach saothair*

Soláthar sna meastacháin: €51.818 milliún, toradh: €47.437 milliún

Tharla an t-easnamh €4.381 milliún mar gur cuimsíodh fáltais asbhainte pinsean as breis agus 27,000 fostaí údaráis áitiúil sa fhotheideal sin in 2017 den chéad uair. Bhí deacrachtaí ann maidir le méid agus teáthúlacht na bhfáltas sin a thuar.

## 4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Fuascailt tionscadal arna mhaoiniú faoin Scéim Dheonach Chúnaimh um Chaipiteal Tithíochta | 1,390 | 551 |
| Íocaíocht faoin Acht um Réiteach Piríte 2013 | 664 | 325 |
| Aisíocaíocht um maoiniú do Chlár Forbartha Áitiúil agus Pobail nár caitheamh an bhliain roimhe sin | 175 | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin BTCP | 46 | 37 |
| Aisíoc faoi Thithíocht Údarás Áitiúil — scéim ceannacháin dara láimhe ó roinnt údarás áitiúil | — | 1,280 |
| Aistriú chuig an Státchiste | (2,275) | (2,193) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | — | — |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

## 5.1 Líon fostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | | |
| Roinn | 656 | 647 |
| Gníomhaireachtaí | 373 | 324 |
| | **1,029** | **971** |

## 5.2 Pá

| **Foireann na Roinne** | **2017 €000** | **2016 €000** |
|---|---|---|
| Pá | 35,716 | 35,134 |
| Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta | 41 | 122 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 257 | 294 |
| Liúntais eile | 1,611 | 1,604 |
| Ragobair | 504 | 537 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,364 | 2,195 |
| **Pá iomlán** | **40,493** | **39,886** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre [1]

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht aonair iomlán is airde 2017 €** | **Íocaíocht aonair iomlán is airde 2016 €** |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 44 | 8 | 18,038 | 15,314 |
| Liúntais eile | 139 | 68 | 28,021 | 26,732 |
| Ragobair | 117 | 17 | 26,012 | 27,819 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 84 | 72 | 39,755 | 41,072 |

[1] Baineann na sonraí pá, liúntais agus luach saothair eile thuas le foireann Roinne a íocadh díreach ón Vóta faoi na cláir A go E. Tá faisnéis mhionsonraithe i ndáil le líonta fostaithe agus pá i ndáil le gníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na tuarascálacha bliantúla nó díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann.

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh beirt státseirbhíseach a d'éirigh as agus a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu a athfhostú ar chostas iomlán €107,342. Cuireadh rialacha um lacáiste pinsin i bhfeidhm de réir mar ba chuí. Ina theannta sin, rinneadh 4 státseirbhíseach a d'éirigh as a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €27,049.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba é €37,979 an ró-íocaíocht tuarastail a bhí i gceist ag 31 Nollaig 2017 maidir le 35 gcás (2016: €23,245 i ndáil le 27 duine aonair). As sin, tá €13,577 (maidir le 8 daoine aonair) cumhdaithe faoi phleananna aisghabhála.

## 5.6 Scaoilíocaíocht/Iomarcaíocht

Fuair fostaí amháin íocaíocht iomarcaíocht de €5,316 in 2017. Fuair beirt fhostaithe scaoilíocaíochtaí in 2017 lenar bhain luach carntha de €35,997.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú ón AE

Áirítear ar an toradh a léirítear i bhfocheannteideal A.6 agus B.3 íocaíochtaí i ndáil le gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Is é seo a leanas mar a bhí meastacháin maidir le cistiú agus toradh ón AE, bunaithe ar chaiteachas agus ar rátaí cómhaoinithe.

| | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Focheannteideal** | **Cur Síos** | | | |
| A.6 | Athbheochan eastát — feabhsuithe tithíochta sóisialta | 4,122 | 4,122 | 7,425 |
| B.3 | Clár cáilíochta uisce | 1,208 | 345 | — |
| — | *SICAP agus tacaíochtaí forbartha áitiúla/réigiúnacha (Páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)* | — | — | *2,807* |
| | | **5,330** | **4,467** | **10,232** |

## 6.2 Coistí agus coimisiúin

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go deireadh 2017 | 2017 Toradh | 2016 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Binse Fiosrúcháin ar nithe agus íocaíochtaí áirithe pleanála | 1997 | 131,218 | 11,443 | 3,755 |

Beidh tuilleadh íocaíochtaí a bhaineann leis an mBinse Fiosrúcháin ar nithe agus íocaíochtaí áirithe pleanála le híoc. Ní féidir costais deiridh a chinneadh go dtí go gcinnfear costais dlí tríú páirtí i leith na tréimhse ó 2002. B'ionann an caiteachas go deireadh na bliana 2017 agus €131.2 milliún. Ar bhonn meastachán Binse agus ar bhonn caiteachais go deireadh na bliana 2017, d'fhéadfadh costais bhreise €18 milliún teacht aníos, a bhaineann go príomha le hionadaíocht dhlíthiúil tríú páirtí.

## 6.3 Maoiniú ón gcrannchur náisiúnta

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Focheannteideal** | **Cur Síos** | | | |
| A.4 | Tithíocht dheonach agus comharthithíocht | 500 | 107 | — |
| A.7 | Deontais tithíochta príobháidí | 6,859 | 6,859 | 5,391 |
| — | *Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)* | — | — | *7,285* |
| — | *SICAP agus tacaíochtaí forbartha áitiúla/réigiúnacha (Páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)* | — | — | *3,005* |
| | | **7,359** | **6,966** | **15,681** |

Tá sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag:
http://www.housing.gov.ie/corporate/finance/national-lottery-funding/national-lottery-funding

## 6.4 Cúiteamh agus costais dhlíthiúla

| | 2017 | | | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Costais dhlíthiúla a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Éilimh a rinne fostaithe | 1 | 21 | — | 21 | — |
| Éilimh ó bhaill den phobal | 6 | 40 | 599 | 639 | 3,586 |
| | | **61** | **599** | **660** | **3,586** |

## 6.5 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá méid nó uainiú iarbhír na ndliteanas ionchasach neamhchinnte.

## 6.6 Ús ar íocaíochtaí déanacha

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis | 4 | 12 |
| Líon na bhfaighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | — | — |

## Nóta 7 Cuntas an Chiste Forbraíochta Uirbí

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 21,156 | 9,616 |
| Fáltais | — | 11,540 |
| Caiteachas don bhliain | 2,631 | — |
| | **18,525** | **21,156** |

Is clár de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) é an Ciste Forbraíochta Uirbí ar ann dó chun tacú le tionscnaimh athghiniúna comhtháite i lárionaid ainmnithe uirbeacha. Feidhmítear an scéim ag tionóil réigiúnacha ar Údaráis Bhainistithe iad atá freagrach as fíorú caiteachais incháilithe ar thionscadail fhaofa. Cuireann an Roinn cistí ar fáil (faoi threoir ag an údarás bainistithe agus tá sé faoi réir fíorú an údaráis bhainistithe) chun údaráis áitiúla a chúiteamh ar bhonn cistí comhfhreagracha. Rinneadh breithniú faoi iarratais incháilitheachta faoin gCiste i Mí na Nollag 2015 agus táthar ag súil leis go gcuirfear na tionscadail i gcrích laistigh de thrí bliana i.e. faoi dheireadh 2018. Léiríonn an t-iarmhéid creidmheasa sa Chiste réamh-mhaoiniú a cuireadh ar fáil ó CFRE, ag feitheamh le héilimh fhíoraithe a fháil maidir leis na tionscadail ábhartha.

## Nóta 8 Ciste Éadálacha Rollach na Gníomhaireacht Tithíochta

| | 2017 |
|---|---|
| | €000 |
| Fáltais ó Fhotheideal A.3 – 2016 | 6,741 |
| Fáltais ó Fhotheideal A.10 – 2017 | 70,000 |
| Méid iomlán a cuireadh ar aghaidh ag 31 Nollaig | 76,741 |
| | |
| Costais neamh-in-aisghabhála [1] | (3,055) |
| Aistrithe go húdaráis áitiúla [2] | (1,899) |
| Ioncam ó chíos | 8 |
| **Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig** | **71,795** |

Bunaíodh Ciste Éadálacha na Gníomhaireacht Tithíochta, ar ciste rollach é, chun thart ar 1,600 aonaid a éadáil thar an tréimhse go 2020 lena n-úsáid le haghaidh tithíocht shóisialta.

Tá an Ciste sin á úsáid ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun réadmhaoine folmha a éadáil ó bhainc, infheisteoir agus úinéirí féideartha eile d'ilphunanna réadmhaoine i limistéir ina bhfuil éileamh ard ar thithíocht shóisialta. Agus amhlaidh á dhéanamh, tá an Ghníomhaireacht ag obair i ndlúthchomhar leis na húdaráis áitiúla lena chinntiú nach gceannaítear réadmhaoine ach i limistéar ina bhfuil éileamh ar thithíocht shóisialta.

Díolann an Ghníomhaireacht na tithe, ag costas, chuig comhlachtaí ceadaithe tithíochta chun an Chiste a athlíonadh. Reáchtálfar an clár seo go dtí 2020 agus, nuair a chríochnófar an clár, tabharfaidh an Ghníomhaireacht iarmhéid deireadh ar bith den Chiste ar ais don Roinn.

[1] Ní féidir costais áirithe a thabhaíonn an Ghníomhaireacht amhail táillí dlíthiúla agus gairmiúla agus costas eile a bhaineann le héadáil tithíochta a fháil ar ais agus mar sin laghdaítear iarmhéid foriomlán an Chiste.

[2] Faoi dheireadh 2017 cuireadh roinnt beag aonad (15) ar aghaidh chuig údaráis áitiúla saor in aisce; mar sin féin tá an fócas ar na haonaid a dhíol le comhlachtaí ceadaithe tithíochta chun an Ciste a athlíonadh.

## Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Sa tábla seo déantar liosta de na comhlachtaí a bhí faoi choimirce na Roinne in 2017 agus i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn na ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail ar dheireadh Mhárta 2018, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais is déanaí a iniúchadh agus an uair ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Ciste comhlachta / roinne | Tréimhse cuntasaíochta dheireanach | Dáta thuarascáil an iniúchta | Dáta a fuair an tAire / Roinn é | Dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais é |
|---|---|---|---|---|
| An Bord Pleanála | 2016 | 15 Meitheamh 2017 | 30 Meitheamh 2017 | 22 Meán Fómhair 2017 |
| Ervia agus Líonraí Gáis Éireann | 2016 | 13 Aibreán 2017 | 27 Aibreán 2017 | 11 Meán Fómhair 2017 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe | 2016 | 30 Márta 2017 | 2 Bealtaine 2017 | 20 Meitheamh 2017 |
| An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe [1] | 2016 | 26 Deireadh Fómhair 2017 | 6 Deireadh Fómhair 2017 | 8 Nollaig 2017 |
| Uisce Éireann | 2016 | 13 Aibreán 2017 | 12 Meitheamh 2017 | 11 Meán Fómhair 2017 |
| An Ciste Rialtais Áitiúil | 2016 | 31 Iúil 2017 | 31 Iúil 2017 | 14 Meán Fómhair 2017 |
| An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil | 2016 | 4 Aibreán 2017 | 30 Bealtaine 2017 | 19 Deireadh Fómhair 2017 |
| An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe | 2016 | 22 Nollaig 2017 | 24 Eanáir 2018 | 26 Eanáir 2018 |

[1] Faoi fhorálacha an Achta um Réiteach Piríte 2013, tugann an Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe cuntas ar an airgead ar fad a fhaigheann sé nó a chaitheann sé faoi Acht. Ní sholáthraítear ráitis airgeadais ar leith don Bhord um Fheabhsúchán Piríte.